**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11024 – GEODIS INTERNATIONAL / TRANS-O-FLEX EXPRESS)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 40/05)

1. An 25 Eanáir 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Geodis SA ("Geodis", an Fhrainc), fochuideachta ar lánúinéireacht Société Nationale SNCF ("SNCF", an Fhrainc), atá é féin ar lánúinéireacht stát na Fraince,

— TRANS-o-flex Express GmbH & Co. KGaA agus Trans-o-flex Express Verwaltungs GmbH (dá ngairtear le chéile "Trans-o-flex", an Ghearmáin).

Gheobhaidh Geodis rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Trans-o-flex.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta comhstoic é **Geodis** atá lonnaithe sa Fhrainc agus a fheidhmíonn mar oibreoir Eorpach lóistíochta ag a bhfuil tionchar domhanda, agus a thairgeann réitigh bhainistíochta ar fud gach cuid den slabhra lóistíochta,

— Soláthraíonn Trans-o-flex seirbhísí lóistíochta agus iompair náisiúnta agus, ar bhonn teoranta, seirbhísí lóistíochta agus iompair idirnáisiúnta agus oibríonn sé líonraí lóistíochta le haghaidh mearsheachadadh beartán agus pailléad sa Ghearmáin agus san Ostair agus béim ar leith ar choinsíneachtaí teochtrialaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11024 – GEODIS INTERNATIONAL / TRANS-O-FLEX EXPRESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË